

Forlónadh leis an *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar*

28 Bealtaine 2020

Tugann an forlónadh seo treoir bhreise do scoileanna maidir le ceisteanna ar tarraingíodh ár n-aird orthu ó foilsíodh an *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar* ar an 21 Bealtaine. Tugann sé aghaidh ar thrí cheist:

1. Treoir bhreise maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint
2. Fianaise ghnóthachtála a léirmhíniú i gcás scoláirí atá faoi mhíchumas
3. Treoir bhreise maidir le marcanna bónais a bheadh i bhfeidhm do scrúduithe scríofa a fhreagairt trí Ghaeilge

1. Treoir bhreise maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint

Is é seo a leanas atá sa *Treoir do Scoileanna*:

8.4 Claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint

Tá sé an-tábhachtach go mbeifí aireach i gcónaí i dtaca le foinsí a bhféadfadh claontacht neamh-chomhfhiosach eascairt astu, ar claontacht í a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na meastacháin. Mar shampla, léiríonn taighde i mórán tíortha gur minic a bhíonn tionchar ag taithí agus ag dearcadh an mhúinteora ar iompar an scoláire sa seomra ranga ar mheastacháin an mhúinteora ar fheidhmíocht an scoláire. Má táthar airdeallach ar an bhfoinse seo don chlaontacht neamh-chomhfhiosach, is mó an seans go ndéanfar scrúdú níos oibiachtúla ar an bhfianaise agus go ndíreofar ar fhianaise a bhaineann go sonrach le gnóthachtáil san ábhar agus nach mbaineann le tosca eile. Ar an mbealach céanna, tugann an taighde le tuiscint freisin go bhféadann an t-eolas atá ag múinteoirí nó a mheasann siad a bheith acu ar chúlraí scoláirí, amhail a gcúlra socheacnamaíoch nó a gcúlra teaghlaigh, tionchar neamh-chomhfhiosach a imirt ar mheastacháin múinteoirí. Más eol gur féidir leis sin tarlú, tá seans níos fearr go ndíreoidh an múinteoir ar fhianaise agus ar an gcúis a gceaptar go mbainfidh scoláire faoi leith caighdeán faoi leith amach.

Tá eolas breise anseo thíos maidir le hoibiachtúlacht nuair atá marcanna céatadáin measta agus rang-oird á nginiúint, agus tá sé i gceist go dtabharfadh an t-eolas sin cúnamh do scoileanna agus do mhúinteoirí lena chinntiú go bhfuil na meastacháin a dhéantar chomh cothrom agus is féidir. Tá an t-eolas bunaithe ar thaighde agus ar anailís reatha maidir leis an gcaoi ar féidir tabhairt faoi mheasúnuithe scoilbhunaithe ar bhealach atá chomh hoibiachtúil agus is féidir.

Oibiachtúlacht agus marcanna céatadáin measta á nginiúint

Chun oibiachtúlacht a chinntiú, tá sé an-tábhachtach nár cheart a chur san áireamh i mbreithiúnais na scoile ach amháin taifid reatha agus fianaise atá ar fáil ar eolas, ar scileanna agus ar chumas an scoláire, i dtaobh an ábhair atá i gceist. Ba cheart don fhianaise seo bonn eolais a chur faoi bhreithiúnais ghairmiúla na múinteoirí maidir le feidhmíocht dhóchúil an scoláire sa scrúdú. **Níor cheart** do thosca eile **tionchar a imirt** ar an mbreithiúnas seo, lena n-áirítear - ach ní liosta teoranta é seo - tréithe a chosnaítear faoi reachtaíocht chomhionannais: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil. Ar an mbealach céanna, **níor cheart** go gceadófaí d'iompar scoláire (bíodh sé maith nó dúshlánach), carachtar, cuma, aicme shóisialta, ná neamhláithreachta ó mheasúnuithe suimitheacha scoilbhunaithe de bharr breoiteachta, mar shampla, tionchar a imirt ar bhreithiúnais.

Tionchair neamh-chomhfhiosacha ar oibiachtúlacht

Chun claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint, moltar do scoileanna agus do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh agus iad féin a cheistiú maidir le haon réamhbharúlacha a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le feidhmíocht gach scoláire agus an mbeadh tionchar ag aon tosca neamhábhartha ar a ndearcadh ar an bhfianaise.

Ba cheart do mhúinteoirí agus do scoileanna a bheith ar an eolas maidir le:

- **Deimhniú ar chlaontacht:** is claonadh é seo eolas a chuardach agus ciall a bhaint as eolas atá ar aon dul le do thuairimí réamhcheaptha féin maidir le scoláire. Mar shampla, má dhéanann duine breithiúnas ar scoláire, d'fhéadfadh duine cuardach a dhéanamh go fo-chomhfhiosach ar fhianaise chun tacú leis an mbreithiúnas sin, gan a thabhairt faoi deara ach fianaise maidir le scoláire a oireann don dearcadh a bhí ag an duine air/uirthi cheana féin, agus ar an mbealach sin, dul i bhfeidhm an iomarca ar ghrád an scoláire.
- **Tionchar an luain nó an chumhdaigh:** is é seo an claonadh rud amháin an-dearfach maidir le scoláire a aithint agus ligean do “bhreo luain” an ruda sin tionchar a imirt ar ár dtuairimí, rud a d'fhéadfadh fíor-eolas, scileanna agus cumas an scoláire a cheilt, nó róthreisiú a dhéanamh orthu.
- **Tionchar na n-adharc:** a mhalairt ghlan ar thionchar an luain nó an chumhdaigh atá anseo, agus bíonn sé ann nuair a bhíonn tionchar rómhór ag tréith dhiúltach amháin, mar shampla iompar dúshlánach, ar an dearcadh atá ar an scoláire.
- **Tionchair na tosaíochta:** tagann claontacht na tosaíochta i gceist nuair a dhéantar measúnú bunaithe ar eolas a cuireadh ar fáil níos luaithe, mar shampla, ag tabhairt ualú míchuí don chéad imrisean ar scoláire.
- **Tionchair na Déanaíochta:** a mhalairt ghlan ar chlaontacht na tosaíochta is ea chlaontacht na déanaíochta agus tagann sí i gceist nuair a bhíonn tionchar rómhór ar mheasúnú ag eolas a cuireadh ar fáil níos déanaí (le déanaí) seachas níos luaithe in aon phróiseas roghnúcháin ar leith, mar shampla, ag tabhairt ualú míchuí don idirghníomhaíocht is déanaí le scoláire nó an saothar is déanaí a rinne an scoláire.
- **Claontacht roghnach:** is claontacht maidir le braistintí í seo, nuair a thugtar ualú míchuí d'fheidhmíocht an scoláire ar chuid áirithe d'ábhar na sonraíochta seachas breathnú ar an bhfeidhmíocht thar an ábhar ar fad.

- **Tionchair na codarsnacha:** is é seo an claonadh uasghrádú nó íosghrádú a dhéanamh san intinn ar fheidhmíocht dhóchúil an scoláire agus é/í a chur i gcomparáid le grúpa codarsnach scoláirí. Mar shampla, rómheas nó meas faoi chumas a dhéanamh ar fheidhmíocht dhóchúil an scoláire tar éis líon mór scoláirí atá ag obair ag caighdeán difriúil a bhreithniú.

Ba cheart go mbeadh feidhm ag breithniú gníomhach ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint - go háirithe í sin a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas a dtagraítear dóibh sna hAchtanna um Stádas Comhionann - le linn gach céime den chéim scoilbhunaithe de phróiseas na nGrád Ríofa: réamhobair na múinteoirí aonair, obair an ghrúpa aillnithe ábhair, agus maoirseacht phríomhoide na scoile.

2. Fianaise ar ghnóthachtáil a léirmhíniú i gcás scoláirí atá faoi mhíchumas

Tá feidhm ag an ábhar thuas maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint i gcás scoláirí atá faoi mhíchumas. Ina theannta sin, pléann an *Treoir do Scoileanna* go sonrach le ceist na Socruithe Réasúnacha sna scrúduithe. Is é seo a leanas atá in alt 13:

Socruithe réasúnacha

Sa chás go bhfuil socrú réasúnach ar bith ceadaithe d'aon scoláire (mar shampla, léitheoir, scríobhaí nó tarscaoileadh), ba cheart go mbeadh an meastachán ar fheidhmíocht dhóchúil an scoláire bunaithe ar an toimhde go mbeadh an socrú sin ar fáil dá rachadh na scrúduithe ar aghaidh ar an ngnáthbhealach. Ó tharla go bhfuil sé i gceist go léireodh na socruithe gnáthbhealach oibre na scoláirí sa rang, níor cheart go mbeadh aon ghá le hidirghabháil faoi leith seachas an tuiscint atá ag an múinteoir cheana féin ar an gcaoi a n-éiríonn leis an scoláire nuair a bhíonn na tacaíochtaí cuí i bhfeidhm.

Tá treoir bhreise anseo thíos maidir le marcanna céatadáin measta a chur ar fáil do scoláirí atá faoi mhíchumas.

Mar a luaitear sa *Treoir do Scoileanna*, feidhmíonn scéim na Socruithe Réasúnacha ar an tuiscint, i bhformhór na gcásanna, maidir le haon mhíchumas a bhfuil tionchar aige ar chumas an scoláire a c(h)uid gnóthachtála a léiriú sa scrúdú, gur aithníodh é sin níos luaithe i ndul chun cinn an scoláire tríd an scoil. Dá réir sin, glactar leis go bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha foghlama curtha i bhfeidhm agus chomh maith leis sin, go bhfuil na tacaíochtaí agus na socruithe cuí curtha i bhfeidhm do na gníomhaíochtaí measúnaithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla a bhíonn ar siúl i rith an dá bhliain de cibé clár Ardteistiméireachta atá á leanúint acu. Ní gá go mbeadh na socruithe seo go díreach mar an gcéanna leis na cinn a cuireadh ar fáil le linn na scrúduithe teistiméireachta, mar go bhfuil an comhthéacs agus na srianta difriúil, ach bhí an cuspóir céanna leagtha amach dóibh - aon bhacainní rochtana a d'fhéadfadh cur isteach ar thuiscint iomlán an scoláire ar an rud atá á iarraidh air/uirthi agus/nó ar léiriú a dhéanamh ar a c(h)uid eolais nó ar an méid is féidir leis/léi a dhéanamh.

Agus aon fhianaise ó thrialacha nó ó mheasúnuithe den chineál sin á léirmhíniú agus breithiúnas á dhéanamh ar fheidhmíocht dhóchúil scoláire den chineál sin, ba cheart breithniú a dhéanamh an raibh na socruithe a bhí i bhfeidhm ag an am sách maith don fheidhm sin. Mura raibh, beidh ar an múinteoir é sin a chur san áireamh agus, bunaithe ar an eolas atá aige/aici ar an gcaoi a n-éiríonn leis an scoláire sa rang nuair a bhíonn gnáth-thacaíochtaí i

bhfeidhm, beidh air/uirthi breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is dóichí a n-éireodh leis an scoláire sa mheasúnú atá i gceist i gcás *go raibh* na socruithe cuí curtha i bhfeidhm.

Ar an gcaoi chéanna, tá sé an-tábhachtach go mbeifí aireach i gcónaí i dtaca le foinsí a bhféadfadh claontacht neamh-chomhfhiosach eascairt astu, ar claontacht í a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na meastacháin. Glactar leis go bhfuil na múinteoirí go léir feasach ar na riachtanais foghlama faoi leith atá ag a gcuid scoláirí agus go bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha curtha ar fáil acu sa seomra ranga chun aon bhacainní a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcuid feidhmíochta i measúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha, a chur ar leataobh. Glactar leis freisin go bhfuil an-eolas ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí. Mar sin féin, má táthar airdeallach ar an bhfoinse/ar na foinsí don chlaontacht neamh-chomhfhiosach, is mó an seans go ndéanfar scrúdú níos oibiachtúla ar an bhfianaise agus go ndíreofar ar fhianaise a bhaineann go sonrach le gnóthachtáil san ábhar agus nach mbaineann le tosca eile, amhail iompar, míchumas foghlama, nó bheith as láthair ó mheasúnuithe suimitheacha scoilbhunaithe de bharr tinnis, mar shampla. D'fhéadfadh eolas agus breathnú na múinteoirí ar fhoghlaim scoláirí ar leith, measúnú foirmitheach ar an bhfoghlaim sin le linn idirghníomhaíochtaí ranga, agus measúnú suimitheach ar ghnóthachtáil, agus iad sin ar fad curtha le chéile, bonn eolais a chur faoi bhonn-fianaise an mhúinteora chun teacht ar mharcanna céatadáin do scoláirí atá faoi mhíchumas, faoi mar a dhéantar, go deimhin, i gcás na scoláirí eile go léir.

Ní mór cúram breise a ghlacadh i gcásanna ina ndearnadh diagnóis i leith míchumais le déanaí – i.e. go ndearnadh í le linn dhá bhliain an chláir lena mbaineann. Sa chás sin, ní mór go gcuirfí san áireamh go mb'fhéidir go léireodh torthaí ó thrialacha agus ó mheasúnuithe eile a rinneadh sular cuireadh na tacaíochtaí i bhfeidhm, leibhéal gnóthachtála an scoláire san ábhar, sa mhodúl nó sa tasc atá faoi chaibidil a léiriú, ar leibhéal é atá níos ísle ná leibhéal iarbhír an scoláire.

Maidir le scoláire ar bith a bhfuil riachtanais bhreise aige/aici agus ar gá tacaíocht agus/nó socrú a chur ar fáil ina leith i dtimpeallacht foghlama nó mheasúnaithe, táthar ag súil gur cuireadh na múinteoirí go léir atá ag an scoláire sin ar an eolas faoi chineál an riachtanais agus faoi na tacaíochtaí cuí ag an am ar aithníodh na riachtanais i dtús báire. I gcásanna nach bhfuil bainistíocht na scoile cinnte go ndearnadh é sin, ba cheart dóibh a dheimhniú anois go bhfuil an t-eolas ar fad atá riachtanach maidir le scoláirí atá faoi mhíchumas curtha ar fáil do na múinteoirí go léir, chun bonn eolais a chur faoina gcuid oibre agus marcanna céatadáin á meas acu.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach gá go mbeadh eolas maith ar na sonraí a bhaineann le scéim na Socruithe Réasúnacha atá á feidhmiú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, lena n-áirítear sonraí faoin mbealach a ndéantar tarscaoiltí agus socruithe éagsúla a chur i bhfeidhm, chun go ndéanfaí na bhreithiúnais ghairmiúla atá de dhíth. Baineann an tábhacht is mó le bunphrionsabail na scéime. I measc na gcinn is tábhachtaí tá an tuiscint nach bhfuil sé i gceist go mbeadh na socruithe mar chúiteamh as aon easpa gnóthachtála mar thoradh ar mhíchumas ach go gcuirfí ar leataobh, a oiread agus is féidir, aon bhacainní a d'fhágfadh nach mbeadh deis ag scoláirí a bhfíorleibhéal bunúsach ghnóthachtála a léiriú mar gheall orthu.

Bíonn 'tarscaoileadh' nó 'díolúine' i gceist i gcuid de na socruithe scrúdaithe, rud a chiallaíonn nach ndéanfar na scoláirí sin a thástáil i ngné nó i ngnéithe áirithe den disciplín. Sa chás gur ceadaíodh tarscaoileadh nó díolúine do scoláire, ansin, nuair atáthar ag teacht ar mharc measta, ba cheart neamhaird a thabhairt ar aon easnamh a bhféadfadh sé gur léirigh scoláire

roimhe sin é i dtaca leis an ngné a tarscaoileadh. Ba cheart go ndíreofaí go hiomlán ar na gnéithe den disciplín nár tarscaoileadh. Mar shampla, má ceadaíodh *tarscaoileadh i leith litríthe agus foncaíocht scríofa* do scoláire i mBéarla na hArdteistiméireachta, ba cheart don mhúinteoir, i gcás mar sin, breithniú a dhéanamh ar an méid pionóis a d'fhéadfadh a bheith gearrtha aige/aici ar an scoláire sin san am a caitheadh de bharr earráidí den chineál sin ina n-obair ranga, ina dtrialacha agus ina measúnuithe. Ansin, ba cheart don mhúinteoir, agus fianaise ar ghnóthachtáil á léirmhíniú agus á cur sa mheá aige/aici, a aithint go gcuirfí easnaimh sa litriú agus sa foncaíocht as an áireamh dá rachadh na scrúduithe ar aghaidh mar is gnách.

3. Treoir bhreise maidir le marcanna bónais a mbeadh feidhm leo as ucht na scrúduithe scríofa a fhreagairt trí Ghaeilge

Tá an méid seo sonraithe in Alt 13 den *Treoir do Scoileanna*:

Ag freagairt trí Ghaeilge

I gcás scoláirí a iontráladh chun a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge, ba cheart don mhúinteoir a m(h)eastachán ar mharc dóchúil an scoláire a bhunú ar an toimhde go bhfuil an bónas atá le fáil chun an páipéar scríofa a fhreagairt trí Ghaeilge curtha san áireamh sa mheastachán. Meastar go mbeidh tionchar an bhónais curtha san áireamh ag formhór na múinteoirí atá ag múineadh trí Ghaeilge agus iad ag déanamh a gcéad bhreithiúnais, ionas nach mbeidh aon ghá le ríomh follasach a dhéanamh ar an mbónas. Mar sin féin, má tá aon mhúinteoir neamhchinnte faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an bónas ina n-ábhar féin, tá faisnéis ar fáil ar láithreán gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag <https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=ca&sc=im>.

Fuarthas roinnt iarratas i dtaca le sonraí níos beaichte a chur ar fáil faoin gcaoi go díreach a ndéantar an bónas as ucht freagairt trí Ghaeilge a ríomh. In ainneoin na n-iarratas sin, ní mholtar go ndéanfadh múinteoirí ríomhanna follasacha ar bhónas na Gaeilge, ar na cúiseanna seo a leanas.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach mbaineann an marc bónais ach leis an **gcomhpháirt scríofa**. Chun an bónas a ríomh i gceart, níor mhór do mhúinteoir a mbeadh ábhar a bhfuil comhpháirt ann a bhaineann le hobair chúrsa nó le hobair phraiticiúil á theagasc aige/aici an marc measta foriomlán a thug sé/sí a dheighilt ina chodanna agus marc faoi leith a bhronnadh do gach comhpháirt, an bónas atá i bhfeidhm maidir le gach comhpháirt scríofa a ríomh, agus ansin an marc foriomlán a chur le chéile arís. Taobh amuigh den chastacht a bhaineann leis an tasc sin, meastar go ndéanfadh an próiseas a bhaineann le marcanna a dheighilt, a ríomh agus a chur le chéile arís cur isteach gan ghá ar an bpríomhthasc breithiúnais a iarrtar ar mhúinteoirí a dhéanamh, is é sin breithiúnas foriomlán iomlánaíoch a thabhairt, agus an t-eolas ábhartha ar fad á chur san áireamh acu.

B'fhearr go mór go rachadh múinteoirí agus scoileanna i mbun oibre, nuair is féidir, bunaithe ar a dtaithe roimhe seo ar an mbealach a ndeachaigh na marcanna bónais i gcion ar a n-ionchais maidir le gnóthachtáil scoláirí. Má cheapann múinteoirí agus scoileanna go bhfuil gá le treoir níos nithiúla, ba cheart go measfaí go bhfuil an méid seo a leanas leordhóthanach chun an tasc a chur i gcrích:

- cuir san áireamh go hiomlán nach mbaineann an bónas ach amháin leis an bpáipéar scríofa
- bíodh an 'bunráta' don ábhar ar eolas agat (10%, 5%, nó gan aon bhónas)
- cuir san áireamh go bhfuil 'scála aistritheach' i bhfeidhm i dtaca le marcanna os cionn 75% de na marcanna atá ar fáil, ionas go laghdaíonn tionchar an bhónais de réir a chéile ón bpointe sin ar aghaidh. (Is é sin le rá, mar shampla, i gcás ábhair nach bhfuil i gceist ann ach páipéar scríofa agus go bhfuil bónas 10% ag gabháil leis, bheadh 7.5% sa bhreis le fáil ag iarrthóir a bhainfeadh 75% amach - an buntáiste is mó is féidir a fháil -

agus i gcás scoláirí a bhainfeadh níos mó ná 75% amach, gheobhaidís bónas a laghdaíonn de réir a chéile go dtí 0 de réir mar a ardaíonn an marc.)

De bhrí go bhféadfadh sé nach mbeadh na hábhair seo a leanas, ar ábhair iad a tugadh isteach le déanaí, ar na liostaí reatha d'ábhair a mbaineann pointí bónais leo, féadfar a thabhairt faoi deara gurb é 10% an bunráta don Pholaitíocht agus an tSochaí (scrúdú scríofa) agus gurb é 10% an bunráta don Chorroideachas (scrúdú scríofa) agus gurb é 5% an bunráta don Ríomheolaíocht (scrúdú scríofa agus scrúdú ríomhchlárúcháin le chéile).

[Admháil: is cóiriú é cuid den ábhar i mír 1 ar ábhar in: *Treoir do Cheannairí Ionaid, do Cheannairí Roinne agus do mhúinteoirí maidir le hoibiachtúlacht sa ghrádú agus sa rang-ordú*, Ofqual, 2020]